# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

## Tuairisc Aontaithe

**Dáta:** 29 Bealtaine 2024

**Leithscéalta:** Bernadette Ní Dhuibhir<br>Marcus Ó Cuireáin<br>Helen Uí Cheallaigh

**Freastal ar chruinniú:** Pádraig Mac An Bhiocaire<br>Oilibhéar Mac Daibhéid<br>Shane Ó Breacáin<br>Caitlín Uí Chochláin<br>Noelle Uí Mhaoilrian

**Rúnaí:** Seán Mac Suibhne<br>
**Rúnaí Taifeadta:** Mairéad Uí Dhochartaigh

| | |
|---|---|
| 1 | **Fáilte & Toghadh Chathaoirleach Gníomhaigh**<br><br>Toghadh Pádraig Mac An Bhiocaire ina Chathaoirleach Gníomhach don chruinniú seo.<br><br>Chuir an Cathaoirleach Gníomhach fáilte roimh na baill den Bhord don chruinniú deireanach den scoilbhliain seo. |
| 2 | **Miontuairiscí**<br>Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 9 Aibreán 2024 ar mholadh Chaitlín Uí Chochláin, cuidithe leis ag Noelle Uí Mhaoilriain. |
| 5 | **Tuarascáil an Phríomhoide**<br>**1. Bainistíocht na Scoile**<br>**1.1. Acmhainní Daonna**<br>**1.1.1.** Ghuigh an Bord gach rath ar Mháistreás Goppert atá ag dul ar scor i ndiaidh scór bliain ag teagasc i gColáiste Ailigh.<br>**1.1.2.** Thréaslaigh an Bord Máistreás Newman, a ceapadh mar phríomhoide ar Ghairmscoil Mhic Diarmada ar oileán Árainn Mhór.<br><br>**2. Bainistíocht Acmhainní**<br><br>**Scéim na Leabhar Scoile don tSraith Shóisearach:** orduithe idir lámha.<br>**4.1.1. Scrúduithe Tí**: críochnaithe ar an 29 Bealtaine ag daltaí na chéad, dara agus cúigiú |

| | |
|---|---|
| | bliana.<br>**4.3. Eispéiris Na bhFoghlaimeoirí**<br><br>**4.3.1. Bronnadh na nDuaiseanna:** bhí Colm Ferriter, a chuireann Ruaille Buaille ar Raidió Highland i láthair, mar aoi-chainteoir, chomh maith le Seán Ó Longáin, Micheál Ó Giobúin, Peadarr Mac Gaoithin agus Noelle Uí Riain chun a gcuid coirn a bhronnadh ar dhaltaí, ag bronnadh na nduaiseanna i mbliana.<br><br>**5. Imeachtaí agus Éachtaí**<br>**5.1**. Scrúduithe Praiticiúla - Aibreán/Bealtaine<br>**5.2.** Seachtain Scoil Ghníomhach, 29/04/2024 - 03/05/2024<br>**5.3.** Lá Spóirt Choláiste Ailigh, 03/05/2024<br>**5.4.** Bronnadh na nDuaiseanna, 16/05/2024<br>**5.5.** Ceiliúradh na hIB, 17/05/2024<br>**5.6** Ceiliúradh na 6ú bliana, 23/05/2024<br>**5.7**Deireadh téarma 3 agus scoilbhliain, 31/05/2024<br>**5.8** Tús na Scrúduithe Stáit, 05/06/2024 |
| **11b** | **Pleanáil le haghaidh Forbairt Scoile**<br>● Pléadh Plean Feabhsúcháin Scoile 2023-2024 a eisíodh roimh an chruinniú. Glacadh leis an tuairisc. |
| **11c** | **Tuarascáil Bhliantúil**<br>● Pléadh an tuarascáil seo, a eisíodh roimh ré do na baill den Bhord. |
| **12**<br><br>**12.1**<br><br><br>**12.2** | **Polasaithe Scoile**<br><br>**Cód Iompar Dearfach**: glacadh leis an Chód Iompar Dearfach. Déanfar athbhreithniú sa bhliain 2027 nó roimhe sin má fhaightear treoirlínte nua.<br><br>**Riachtanais Bhainistíochta**: eisíodh an cháipéis leis na riachtanais bhainistíochta roimh an chruinniú, agus glacadh leo. |
| **13** | **Tuarascáil na bhFochoistí Scoile**<br>a. Tuarascáil Chumann na dTuismitheoirí : á an Príomhoide iontach buíoch as iarrachtaí go léir an Chumainn.<br>b. Tuarascáil Chomhairle na nDaltaí: thréaslaigh an Príomhoide Máistreás Laighneach as ucht a cuid oibre go léir le Comhairle na nDaltaí i rith na bliana. |
| **14** | **Míreanna sa Chlár Oibre Breise**<br>Éiteas: fite fuaite fríd imeachtaí scoile, bhí ócáid fíor-speisialta againn an tseachtain seo caite ag ceiliúradh deireadh aistir daltaí na séú bliana i gColáiste Ailigh, nuair a bhí an tUrramach David Houlton ó Eaglais na hÉireann agus Monsíneoir Mac Giolla Easpaig ón Eaglais Chaitleachach i láthair. |
| **17**<br><br>**17.1**<br><br><br><br>**17.2** | **Aon Ghnó Eile (AGE)**<br>**Buíochas**: thug an Príomhoide buíochas do na baill den bhord as ucht a gcuid tacaíochta le linn tréimhse an bhoird reatha, agus muid ag druidim anois ar dheireadh théarma an bhoird seo.<br><br>**Comhghairdeas:** Thréaslaigh na baill den bhord foireann na scoile as a gcuid oibre i rith na scoilbhliana, agus ghuigh siad samhradh maith ar an fhoireann. |
| **18** | **Dáta agus am an chéad chruinniú eile :** Fómhair 2024, dáta le deimhniú. |